# Feirm Ghaoithe Grousemount

FOCHUIDEACHTA FAOI LÁNÚINÉIREACHT AG ESB Energy for generations

ARNA FORBAIRT AG
KERRY WIND POWER LTD

# CÉAD NUACHTLITIR **AN TIONSCADAIL**

Thar mo cheann féin, John Kelly, Bainisteoir Tionscadal & Diarmuid O'Sullivan, Oifigeach Idirchaidreamh Pobail Fheirm Ghaoithe Grousemount, tá an-áthas orainn an chéad nuachtlitir seo ar thionscadal fheirm ghaoithe Grousemount a eisiúint. Tá sé ar intinn againn a thuilleadh nuachtlitreacha eile a eisiúint chomh maith de réir mar a ghluaiseann an tionscadal ar aghaidh chun sibh-se, pobal na háite, a choimeád ar an eolas faoin dul chun cinn. Tá Kerry Wind Power Ltd agus ESB.an-tógtha leis an dtionscadal an-tábhachtach seo. Táimid dírithe ar bheith i dteagmháil go leanúnach leis na páirtithe leasmhara ar shlí a dhéanfaidh Feirm Ghaoithe Grousemount a sholáthar sa slí is fearr do gach éinne sa 2 bhliain atá romhainn.

Má theastaíonn breis eolais uait maidir le haon ábhar atá sa nuachtlitir seo fáiltím romhat dul i dteagmháil le Diarmuid de réir mar is gá. Tá sonraí teagmhála ar chúl.

Le dea-mhéin,
John Kelly, Stiúrthóir Tionscadal
Diarmuid O'Sullivan, Oifigeach Idirchaidreamh Pobail



SAMHRADH 2017



## Sonraí an tionscadail

Is iad Kerry Wind Power Ltd, ar fochuideachta í faoi úinéireacht iomlán an ESB a bheidh i mbun na forbartha. Tá láthair na forbartha in oirdheisceart chontae Chiarraí, idir shráidbhaile Chill Gharbháin agus sráidbhaile Chúil Aodha i gcontae Chorcaí. Fuair an tionscadal iomlán cead pleanála ón mBord Pleanála i Samhradh 2016. Cuirfear tús leis an obair thógála ar Fheirm Ghaoithe Grousemount i samhradh 2017.

## san eagrán seo


- Sonraí an tionscadail
- Buntáistí na forbartha
- Léargas ar an obair thógála
- Scéim Sochair Phobail Grousemount
- Conas teagmháil a dhéanamh linn

FEIRM GHAOITHE GROUSEMOUNT

# BUNTÁISTÍ NA FORBARTHA

## LEICTREACHAS GLAN AG 70,000 TEAGHLACH

chun fuinneamh a thabhairt do theaghlaigh, feirmeacha, scoileanna agus gnólachtaí ar fud na hÉireann.

## RÁTAÍ IOCTHA

cabhróidh na rátaí a íocfaidh an fheirm ghaoithe le Comhairle Contae Chiarraí le seirbhísí áitiúla a sholáthar.

## TACAIGH LEIS AN AISTRIÚ

agus aistrímis ón spleáchas ar bhreoslaí iontaise iompórtáilte go foinse in-athnuaite fuinn-imh a gintear go háitiúil. Bíodh páirt mhór agat sa cheanglas a thóg Éire uirthi féin 40% dá riachtanais leictreachais a fháil ó fhoinsí in-athnuaite faoin mbliain 2020.

## CLOCH AGUS COINCRÉIT

úsáidfear ábhar áitiúil ó chairéalaí áitiúla san obair thógála.

## BREIS AGUS 3.6 M

An luach iomlán atá ag an Ciste Sochair Phobail chun tacú le tionscadail áitiúla agus le háiseanna fóntais/caitheamh aimsire.

## 6 PHOST LÁNAIMSEARTHA

gaolta le cothabháil na feirme gaoithe le linn don dtréimhse ina mbeidh sí ag feidhmiú.

## 70 POST

An líon daoine a bheidh fostaithe le linn buaicphointe na hoibre


# Léargas Tógála (Tús an tSamhraidh 2017)

Nuair a bheidh sí réidh cuimseoidh Feirm Ghaoithe Grousemount na nithe seo:

- 38 tuirbín gaoithe.
- Beidh ar a cumas114 Meigeavata (MW) leictreachais a dhéanfaidh go leor leictreachais a ghiniúint do thart ar 70, 000 teaghlach gnéithe éagsúla den dtionscadal feirme gaoithe seo*
  www.iwea.com*

Déanfar an obair ar Fheirm Ghaoithe Grousemount thar roinnt tréimhsí éagsúla tógála. Sa chéad eagrán eile den nuachtlitir tabharfar léargas duit ar an dtréimhse thógála a leanfaidh gnéithe éagsúla don dtionscadal feirme gaothe seo.

Cuirfear faisnéis agus eolas níos sonraí ar fáil a bhainfidh le háiteanna ar leith ag cruinnithe poiblí a reáchtálfar sna seachtainí amach romhainn i mBarr an Chuma, i Halla Pobail Chúil Aodha agus sa Mhuileann. Meastar go mbeidh an chéim thógala ar siúl idir 2017-2019.




**Tá cúig príomh-eilimint thógála sa tionscadal seo:**

- Tógáil na mBunsraitheanna do na tuirbíní agus traiceanna roctana isteach agus amach a fhorbairt ar an suíomh.
- Fostáisiún 110 kV nua Chúm an tSagairt (lonnaithe ar shuíomh na feirme gaoithe féin).
- Cábla faoi thalamh a thógáil agus a shuiteáil ó Fhostáisiún 110 kV nua Chúm an tSagairt go dtí Fostáisiún 220 kV atá ann cheana i mBaile Uascail gar do Shráid an Mhuilinn, Co. Chorcaí .
- Droichead sealadach a thógáil transa Abha an tSuláin.
- Páirteanna na dTuirbíní ag teacht ar an láthair.

# Scéim Sochair Phobail Grousemount






Ta ciste pobail curtha ar bun ag an ESB a léiríonn an tacaíocht is féidir lenár dtionscadail fuinnimh ghaoithe a thabhairt do phobail áitiúla. Beidh scéim sochair phobail bhliantúil a mbeidh breis is €150,000 inti ar fáil go bliantúil ar feadh saolré (25 bliain) na feirme chun maoiniú a dhéanamh ar thionscadail agus beartais phobail go háitiúil. Beidh feidhm leis an gciste pobail substaintiúil seo ag deireadh na tréimhse tógála agus nuair a thosnóidh an giniúint chumhachta. Táthar ag súil leis seo uair éigin sa tarna leath de 2019.

**Maoiniú le linn na tréimhse tógála**
Tabharfaidh an maoiniú seo tosaíocht do thionscadail a thacóidh nó a dhéanfaidh fónamh don bpobal áitiúil sna háiteanna timpeall ar Fheirm Ghaoithe Grousemount a mbeidh tionchar ag na hoibreacha tógála orthu. Beidh an ciste tosaigh seo ar fáil do ghrúpaí pobail agus deonacha chomh maith le heagrais a bhfuil stádas carthanachta acu.

# Tionscadail agus tionscnaimh áitiúla a fuair maoiniú go dáta:

| | | |
|---|---|---|
| **2015** | Seó Chill Gharbháin | Seó Pobail |
| **2016** | Bailte Slachtmhara Chúil Aodha | Páirc Chuimhneacháin |
| **2016** | Coiste an Ghleanna | Dífhibrileoirí |
| **2016** | Cúram Lae Bhaile Bhuirne | Teach gloine |
| **2016** | Seó Bhaile Bhuirne / Chúil Aodha | Seó Talamhaíochta |
| **2016** | Éigse Dhiarmuid Uí Shúilleabháin | Féile Cheoil. 25 ú bliain á rith |
| **2017** | Scoil Náisiúnta Chúil Aodha | Fálú Scoile |
| **2017** | Peil na mBan CLG Bhaile Bhuirne / Chúil Aodha | Ábhar / Trealamh traenála CLG |

FEIRM GHAOITHE GROUSEMOUNT

# Ag trácht ar an ESB (Bord Soláthair an Leictreachais)

Is é an ESB an cuideachta fuinnimh is mó le rá in Éirinn agus an soláthraí is mó leictreachais in-athnuaite sa tír. De thoradh na nuálaíochta, saineolas agus infheistíocht tá an ESB ina cheannródaí maidir le córas leictreachais éifeachtach agus nua-aimseartha a fhorbairt agus a bhfuil ar a chumas fuinneamh inbhuanaithe agus iomaíoch a sholáthar dá chustaiméirí. Gach lá, infheistíonn an ESB i dtodhcaí atá níos fearr nuair a infheistíonn sé i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin, i ngréasáin a thógáil atá níos cliste agus nuair a oibríonn sé le páirtithe eile chun teacht ar réitigh nuálaíocha do dhúshláin fuinnimh an lae inniu.

Bunaithe sa bhliain 1927, fóntas is ea an ESB atá láidir, éagsúlaithe agus comhtháite go hingearach. Feidhmíonn an ESB trasna an mhargaidh leictreachais ar fad, ó ghiniúint go tarchur agus ó dháileadh go soláthar. Feidhmíonn an ESB i réimse earnálacha gaolmhara lena n-áirítear teileachumarsáid, comhairliúchán innealtóireachta idirnáisiúnta agus gás.

I láthair na huaire tá an ESB i bhfeidhil ar breis agus 400MW i dtionscadail fuinnimh ghaoithe ar fud na hÉireann agus na Ríochta Aontaithe. Táthar ag tuar go gcuirfidh clár fuinnimh ghaoithe an ESB mar atá sé faoi láthair 400MW breise ar fáil faoi 2018 ag dul i dtreo 2,500 MW faoi 2025 mar sprioc.

Cuireann an ESB €2 bhilliún in aghaidh na bliana isteach i ngeilleagar na hÉireann trí dhíbhinní, infheistíochtaí, cánacha agus postanna. Tá an ESB ina mór-fhostóir sa tír go díreach, le 7,600 fostaí, agus go hindíreach trí chonraitheoirí agus soláthróirí seirbhísí.

Tá tuilleadh le léamh faoi ach cuairt a thabhairt ar www://esb.ie/who-we-are/

## CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Tá an fhoireann tionscadail dírithe ar an bpobal áitiúil a choimeád ar an eolas agus cothrom le dáta agus Feirm Ghaoithe Grousemount á tógáil. Tá ár nOifigeach Idirchaidreamh Pobail (OIP) maraon le foireann an tionscadail ar fáil chun bualadh leat go háitiúil chun gach gné den dtionscadal a phlé leat. Cuirfimid nuashonraí ar fáil go rialta chomh maith i bhfoirm nuachtlitreacha, téacsanna agus ar shuíomh idirlíon an tionscadail www.grousemountwindfarm.ie. Más mian leat bheith curtha san áireamh ar an liosta cumarsáide téigh i dteagmháil le do thoil lenár OIP thíos, Diarmuid O'Sullivan.

Má tá aon cheisteanna eile agat, déan teagmháil le:


**Áitiúil**

**R-phost: info@grousemountwindfarm.ie**

**Má theastaíonn breis eolais uait faoi Fheirm Ghaoithe Grousemount, téigh go dtí www.grousemountwindfarm.ie.**

**Kerry Wind Power Ltd**

**Ainm: Diarmuid O'Sullivan**

**Guthán: (087) 9882288**

**R-phost: Info@grousemountwindfarm.ie**